# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008**

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.00**


**ROINN 2 (90 MARC)**
Freagair **TRÍ** cheist.

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leith mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí. Cuimhnigh air, le do thoil, go gcaithfear an fillteán comhlánaithe a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar.

## 1. AERÁID AGUS DAOINE


**A.** Sa léaráid taispeántar limistéar sléibhteach san Eoraip.

Minigh **dhá** chuis go mbeifeá ag súil leis go mbeadh an áit lipéadaithe **X** ar an léaráid níos fuaire ná an áit lipéadaithe **Y**?




(10)

**B.** Taispeánann an graf an líon turasóirí a thug cuairt ar ionad saoire cósta sa Spáinn thar thréimhse bliana.




(i) Cé acu an 'bhuaic' nó an mhí turasóireachta is broidiúla san ionad saoire cósta seo? (1)

(ii) Bain úsáid as an eolas sa Tábla thíos agus mínigh **trí** chúis gur thug oiread sin daoine cuairt ar an ionad saoire i rith a bhuaicmhí turasóireachta. (9)

| Mí | E | F | M | A | B | M | I | L | MF | DF | S | N |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teocht i $^{o}$C | 9 | 11 | 13 | 16 | 21 | 25 | 26 | 27 | 19 | 17 | 15 | 12 |
| Frasaíocht i mm | 71 | 55 | 28 | 19 | 5 | 5 | 3 | 0 | 6 | 16 | 60 | 79 |
| Uaireanta an chloig gréine sa lá | 3 | 4 | 5 | 7 | 9 | 10 | 11 | 11 | 8 | 5 | 4 | 3 |

**C. Aeráid agus Forbairt**

Mínigh conas a chuir aeráid bac (moilliú) ar fhorbairt i **dtír amháin** ainmnithe atá **i mbéal forbartha.** (10)

## 2. OIBRITHE CREIMEACHÁIN

**Freagair an cheist ar Chóstaí NÓ ar Oighriúchán**

### Cóstaí – Oibriú na Farraige

**A. Gné de chreimeadh cósta**

Ainmnigh gné amháin de chreimeadh cósta agus le cabhair léaráide, mínigh conas a foirmíodh í.

(10)

**B. Gné de shil-leagan cósta**

Ainmnigh gné amháin de shil-leagan cósta agus le cabhair léaráide, mínigh conas a foirmíodh í.

(10)

**C. Cóstaí agus Daoine**

(i) Ainmnigh agus mínigh go hachomair slí **amháin** ina mbaineann daoine úsáid as ceantair chósta. (5)

(ii) Ainmnigh agus mínigh go hachomair slí **amháin** ina dtruaillíonn daoine ceantair chósta. (5)

**NÓ**

### Oighriúchán - Oibriú an Oighir

**A. Gné d'oighearchreimeadh**

Ainmnigh gné amháin d'oighearchreimeadh agus le cabhair léaráide, mínigh conas a foirmíodh í.

(10)

**B. Gné de shil-leagan oighreach**

Ainmnigh gné amháin de shil-leagan oighreach agus le cabhair léaráide, mínigh conas a foirmíodh í.

(10)

**C. Oighriúchán agus Daoine**

(i) Ainmnigh agus mínigh go hachomair slí **amháin** ina mbaineann daoine tairbhe as torthaí an oighriúcháin.

(5)


(ii) Ainmnigh agus mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** a ghabhann le torthaí an oighriúcháin.

(5)

## 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHA

### A. Ídiú acmhainne.

Taispeánann an graf titim le himeacht ama i ngabháil na scadán i gcuid den Mhuir Cheilteach.




(i) Ríomh an titim i ngabháil na scadán idir bliain na huasghabhála agus bliain na híosghabhála.

(2)

(ii) Mínigh **dhá** chúis leis an **titim** sna stoic éisc in uiscí na hÉireann le blianta beaga anuas.

(6)

(iii) Déanann Rialtas na hÉireann agus an Comhaontas Eorpach iarracht ar na stoic éisc a **chaomhnú**, chun a n-ídiú nó a laghdú a thuilleadh a chosc. Déan cur síos ar dhá shlí ina bhéadfaí é seo a chur i gcrích.

(4)

### B. Tionscal déantúsaíochta

Tagann suíomh na dTionscal Déantúsaíochta faoi thionchar a lán tosca agus ina measc tá:


- **Amhábhair**
- **Saothar**
- **Margaí**
- **Iompar**
- **Seirbhísí**
- **Caipiteal**
- **Beartais Rialtais**
- **Roghanna pearsanta**

Ainmnigh tionscal déantúsaíochta amháin in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air. Mínigh conas a bhí tionchar ag **dhá** thoisc ar bith ón liosta thuas ar shuíomh an tionscail a ainmníonn tú.

(10)

## C. Trádáil Idirnáisiúnta

Taispeánann an graf cé a dhéanann na brabúis i dtáirgeadh an chaife.




Mínigh conas a fhéadann trádáil éagothrom a bheith ina cúis le bochtaineacht sa domhan i mbéal forbartha.


(8)

## 4. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA

Freagair **trí** cinn de na ceisteanna seo a leanas **A, B, C** agus **D**.

### A. Pluais Éireannach

Scrúdaigh an fótagraf de phluais in Éirinn.





(i) Cén cineál carraige a thaispeántar? (1)

(ii) Sainaithin an ghné lipéadaithe **X** agus an ghné lipéadaithe **Y** (2)

(iii) Déan cur sios iomlán ar an tslí ina ndéantar síonchaitheamh le huisce báistí ar an gcarraig. a thaispeántar sa ghrianghraf. (7)

### B. Aimsir

Scrúdaigh an léarscáil aimsire.




(i) Cén t-ainm a thugtar ar na línte uimhrithe a thaispeántar ar an léarscáil seo? (1)

(ii) Cén t-ainm a thugtar ar an ngné lipéadaithe **A** ar an léarscáil? (1)


(iii) Cén t-ainm a thugtar ar an ngné lipéadaithe **B** ar an léarscáil? (1)

(iv) Cad é brú an atmaisféir ag **C** ar an léarscáil? (1)

(v) Déan cur síos ar an aimsir a mbeifeá ag súil leis ag **D** ar an léarscáil. (6)

## C. Athrú ar an daonra.

Sa léaráid taispeántar athrú ar an daonra le himeacht ama.




(i) Cén t-ainm a ghlaotar ar an léaráid seo? (1)

(ii) Cé acu céim den léaráid a bhfuil an ***ráta báis*** is airde inti? (1)

(iii) Cé acu céim den léaráid a bhfuil an fás is tapúla ar an daonra inti? (1)

(iv) Cé acu céim a bhfuil *laghdú nádúrtha* sa daonra inti? (1)


(v) Mínigh go hachomair gach ceann díobh seo a leanas:

- Cén fáth a bhfuil an ráta báis ag luainiú (ag dul síos agus suas) ag *Céim 1*?
- Cén fáth a dtiteann an ráta báis go tapaidh ag *Céim 2*?
- Cén fáth a dtiteann an ráta beireatais ag *Céim 3*? (6)

**THALL ⟶**

**D. Ábhair Uirbeacha.**

Taispeánann an sracléarscáil roinnt criosanna feidhme laistigh de chathair.




Taispeánann na fótagraif A agus B feidhmeanna difriúla i gcathair.







(i) I gcás gach ceann faoi seach de na fótagraif A agus B, luaigh an crios feidhme inar tógadh é. (2)

(ii) Déan cur síos ar luachanna talún agus ar fhoirgnimh laistigh den Lárcheantar Gnó i gchathair mhór ar bith sa domhan forbartha. (6)

(iii) Mínigh go hachomair an bhrí atá leis an téarma 'sraoilleáil uirbeach'. (2)

**5. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF**

**A.** Scrúdáigh an **LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS** a thugtar.

(i) Cad é an **treo** ginearálta ó Aerfort na Gaillimhe (M374 284)) go dtí an timpeallán bóthair ag M352 258?

(3)

(ii) Ainmnigh an cineál **gréasán lonnaíochta** atá ar fáil ag M 36 30.

(3)

**B.** Scrúdaigh an t**AERFÓTAGRAF** a thugtar. **Tarraing sracléarscáil** den fhótagraf.
Ar do sracléarscáil **taispeáin agus lipéadaigh** gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

- Abhainn
- An eaglais mhór in aice le lár an fhótagraif
- Eastát tithíochta sa Chúlra ar Dheis
- Limistéar aeraíochta sa Tulra ar Dheis. (10)

**C.** Sainaithin *dhá shlí* ina mbaineann Cathair na Gaillimhe úsáid as **bainistiú tráchta** chun fadhbanna tráchta a laghdú.
Bain úsáid as fianaise ón **AERFÓTAGRAF** chun tacú le do fhreagra.

(6)

**D.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí chúis** a bhfuil baint acu le forbairt chathair na Gaillimhe.
Bain úsáid as an **LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS** *agus/nó* as an **AERFÓTAGRAF** a thugtar chun tacú le do fhreagra.

(8)

Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán